

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
MEASÚNÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAELIGE**

**OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELIGE
FÓMHAR, 2020**

An Triail Scríofa - 100 MARC

**Trí huairé an chloig don pháipéar seo (10.00 – 1.00).
Freagair cúig cheist.**

ROINN A

SCRÍBHNEOIREACHT FHEIDHMIÚIL

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an múinteoir atá i gceannas ar chúrsaí ceoil i do scoil, scríobh litir chuig an mBord Pleanála, 64 Sráid Maoilbhríde ag tacú leis an iarratas atá déanta ag an gCumann Ceoil i do cheantar, ceoláras nua a thógáil.
2. Scríobh litir (380-400 focal ar a laghad):
Mar an Príomhoide ar do scoil, scríobh litir chuig an Aire Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 ag gabháil buíochais leis an Aire as airgead a chur ar fáil chun scoil nua a thógáil.

(30 marc)

ROINN B

AISTRÍÚCHÁIN

Freagair Ceist 3 agus Ceist 4

3. Aistrigh go Gaeilge:-
 - (a) Eoghan! Stay out of the pool of water.
 - (b) Clean your shoes, children.
 - (c) It's very dark this morning. Turn on the lights, Mairéad.
 - (d) Who owns these gloves? Put them in the pocket of your coat.
 - (e) Do you understand that, children?
 - (f) John! Why weren't you at school yesterday?
 - (g) Collect the copybooks, Pól and put them on my table.
 - (h) Ciara! Put all that rubbish in the rubbish bin.
 - (i) Ciarán! Did you hear the whistle?
 - (j) Children! Leave your pictures on this shelf.

(15 mharc)

4. Aistrigh go Gaeilge:-

Principal: Excuse me, Máire. Can I have a few words with you?

Teacher: Now? I'm on the way to the Hall to collect my class.

Principal: Oh! I'm sorry. Can you drop into me so after school?

Teacher: I can. I'll drop into your office when my class is gone.

Principal: That will be great. I will have a cup of tea ready for you.

Teacher: Thank you very much. Is there anything wrong?

Principal: No, nothing at all. I just want to talk to you about the upcoming staff meeting.

Teacher: Next Wednesday at one o'clock?

Principal: That's right. We'll be talking about the School Library.

Teacher: Fine. We'll have a chat about it after school.

(20 marc)

ROINN C

GRAMADACH

Freagair Ceist 5

5. Scríobh na freagraí i do fhreagarleabhar:-

An Briathar:

1. A pháistí! Ná (ith) _____ bhur lón go dtí am lóin.
2. A Róise! (Téigh) _____ síos go dtí an doras agus faigh an bainne.
3. Níor (sábháil: mé) _____ aon airgead an mhí seo caite.
4. Ní (múin: sé) _____ Ceol amárach.
5. An (faigh: tú) _____ ríomhphost ó Nollaig inné?
6. (Ordaigh: sí) _____ na leabhair, dá mbeadh an líon atá ag teastáil ar eolas aici.
7. An (tabhair: tú) _____ cabhair do Threasa gach lá?
8. Nach (feic: tú) _____ an díospóireacht ar *Prime Time* aréir?
9. (Freagair) _____ Síle an guthán san oifig sin i gcónaí.
10. Dá mbeadh liathróid againn, (imir: sé) _____ cluiche linn.
11. (Cruinnigh: sí) _____ na cóipleabhair amárach.
12. (Ullmhaigh) _____ na ceapairí roimh an gluiche inné.
13. (Abair) _____ é sin leis na páistí amárach.
14. Deir Anna (ritheann) _____ sí gach lá.
15. Dúirt na mná (ní dheachaigh) _____ siad go dtí an linn snámha Dé hAoine seo caite.
16. Dúirt Rónán (feicfidh) _____ sé an Príomhoide amárach.
17. Tá na doirse go léir (dún) _____ sa siopa sin.
18. Is breá le Conchúr a (bí) _____ ag canadh.
19. Dá (bácáil: sí) _____ arán donn, d'íosfadh na páistí é láithreach.
20. Má (tar) _____ Úna ar ais, beidh uirthi imeacht arís go luath.

An Chopail:

21. Is (tuismitheoirí) _____ iad Brian agus Laura.
22. Nach (iad) _____ Síle agus Pól úinéirí an tí sin?
23. Ba (Taoiseach) _____ Bertie Ahern.
24. Nárbh (é) _____ Dónal ceannaire an pháirtí sin?

An tAinmfhocal

25. Tá an (iasc [fir.]) _____ seo blasta.
26. Tá an (amharclann [bain.]) _____ sin an-chompordach.
27. Chuir sé an t-airgead (i: an: banc) _____.

28. Tá dath álainn ar na (bláthanna) _____ sin.
29. Is breá le Micheál blas (an t-im) _____.
30. Tá an tarracóir i bpáirc (an feirmeoir) _____.
31. Bhí foireann (na cailíní) _____ ar fheabhas inné.
32. Ar chuala sibh ceol (na héin) _____ ar maidin?

An Aidiacht

33. Tá Ríona (níos: cainteach) _____ ná Siobhán.
34. Is é seo an rang is (mór) _____ sa scoil.

An Aidiacht Shealbhach

35. Thug mé cárta (do: mo: deirfiúr) _____.
36. Scríobh Bríd (a: ainm) _____ ag barr an leathanaigh.

An Forainm Réamhfhoclach

37. Tá muinín againn (as: sibh) _____.
38. Ar tháinig d'aintín ar cuairt (chuig: tú) _____ aréir?

Suas, Thuas, Anuas; Síos, Thíos, Aníos

39. Bhí an mianadóir thíos faoin talamh ach tháinig sé _____ ag am lóin chun dul go dtí an siopa.

Isteach, Istigh; Amach, Amuigh

40. Chuir Aisling na héadaí ar an líne _____ sa ghairdín.

Uimhreacha

41. Scríobh i bhfocail: Rang 3: _____.
42. Tháinig Áine sa cheathrú (áit) _____.
43. An bhfuil cúpla (nóiméad) _____ le spáráil agat?
44. Beidh deichniúr (buachaill) _____ ag imirt sa chluiche níos déanaí.

Gramadach an Bhriathair

45. Scríobh an aimsir láithreach, an fhoirm dhiúltach, an dara pearsa uatha den bhriathar 'tionóil'.

46. Scríobh an aimsir fháistineach, an fhoirm dhearfach, an chéad phearsa iolra den bhriathar 'ceistigh'.

47. Scríobh an t-ainm briathartha den bhriathar 'téigh'.

48. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'thiocfaidís'.

49. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'tuarfar'.

50. I dtéarmaí gramadaí, mínigh 'ag rá'.

(25 mharc)

ROINN D

LÉAMHTHUISCINT Freagair Ceist 6 nó Ceist 7

6. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht, atá curtha in oiriúint, as ‘Cluiche Galánta’ le Peadar Ó Dubhda, cnuasaithe in *Bóithrín na Beatha, Fallúin Teoranta, 1973, 106-108.*

Bhí Learaí agus scaifte beag de na gasúir ina seasamh...faoi scáth na gcrann...Bhí Learaí ag tabhairt comhairle dóibh cad é mar ba chóir a gcleas a chur i bhfeidhm ar an dream a bheadh ina n-éadan an lá sin.

“Caithfidh sibh,” ar seisean, “an chraobh a thabhairt abhaile libh inniu, rud a thig libh a dhéanamh, má imríonn sibh i gceart. Má bhíonn gach fear agaibh ag imirt thart ar fud na páirce in ionad a bheith ina áit féin caillfidh sibh é, a deirim libh! Dóbair daoibh an cluiche deireanach a chailliúint ar an dóigh sin! Abhaile libh anois – ’s bígí in am!”

Fear meánaosta ab ea Learaí agus fear nár bhuaíl cic ar liathróid riamh nuair a bhí sé óg...ach ina ainneoin sin...bhí níos mó de dhúil aige sa pheil ná mar a bhí ag duine ar bith de na himreoirí riamh.

Shiúladh sé deich míle gan stró chun bheith ag amharc ar a chuid buachaillí féin, agus is é a bheireadh uchtach dóibh go minic ar an pháirc, óir bhí glór agus scairt ag Learaí a chluintí míle ó bhaile.

Chomh luath agus a bhí greim dinnéir ite ag Learaí chuir sé air a chaipín, rug ar a bhata agus ar aghaidh leis... Níor fhan sé le cuidiú a thabhairt dá bhean...An Domhnach a mbíodh cluiche ag na buachaillí, bhíodh an obair uile le déanamh sa bhaile ag bean an tí.

Shiúil Learaí ina aonar thar na cnoic amach siar, agus bhí sé ar an pháirc leathuair an chloig sular thosaigh an imirt. Bhí sé ag siúl anonn is anall, é ag caitheamh a phíopa go tréan agus ag amharc uaidh go mífhoighdeach ar an gheata, nó b'fhada leis go dtigeadh na buachaillí.

Tháinig foireann an bhaile mhóir amach ar an pháirc, agus ligeadh scairt ard mholta – “Hu-rá na ‘Curaidh’!”

D’amharc Learaí orthu agus d’admhaigh sé ina intinn féin go raibh cuma scafánta aclaí orthu gan dabht. Ach níor admhaigh sé os ard é.

“Na spideoga!” ar seisean os ard, díreach chun a thaispeáint nach raibh gach uile dhuine den aon bharúil amháin. “Na spideoga bochta!” ar seisean, agus rinne sé gáire iontach scigiúil...

Nuair a shiúil a chuid buachaillí féin amach – na “Bábhúnaigh” – chuir sé a phíopa ina phóca agus d’amharc sé go bródúil orthu. Ní dúirt sé focal, agus shílfeá gur á gcur i gcomórtas leis na “Curaidh” a bhí sé. É ag iarraidh a chur in iúl dó féin gur orthu a bhí na cosa téagartha agus na guailí leathana seachas an dream eile...

Go dtí gur teilgeadh an liathróid isteach idir an dá dhream amuigh i lár na páirce ní raibh gíog as Learaí. Bhí sé mar a bheadh inní chomh mór sin air is nach raibh sé in ann focal a chur as. Ach an túsce a cuireadh an cluiche ar siúl lig sé grág as – “Bua go deo!” agus ó sin go dtí an sos beag ag leath ama níor tharraing sé anáil nár chuir sé béic amach léi...

Buntuisicint:

1. Dar le Learaí, cén fáth ar chaill na buachaillí a gcluiche deireanach?
2. An raibh Learaí ina pheileadóir nuair a bhí sé óg?
3. Cén t-ainm a thug Learaí ar na ‘Curaidh’?

Tuisicint liteartha:

1. Cén fhianaise atá sa sliocht go raibh níos mó spéise ag Learaí sa pheil ná in obair an tí?
2. Conas a léirigh Learaí go raibh inní air díreach roimh an gcluiche?

(10 marc)

7. Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair i d'fhocail féin na ceisteanna a ghabhann leis:-

Sliocht atá curtha in oiriúint as *Teach na gColúir* (Úrscéal d'Fhoghlaimeoirí), le hAisling Ní Leidhin agus Liam Mac Amhlaigh, Comhar Teoranta, 2006, 36-38.

An mhaidin dár gcionn, dhúisigh Iryna le tinneas cinn. Bhíodh tinneas cinn uirthi i gcónaí, nuair a bhíodh rud éigin ag cur isteach uirthi. Cúrsaí airgid a bhí ag cur isteach go mór uirthi, an t-am seo...

“Níl an dara rogha agam” ar sise léi féin. “Beidh orm teacht ar phost páirtaimseartha nó beidh mé gan dídean i gceann míosa.”

Chuir sí bríste dubh agus léine chorcra fhoirmiúil uirthi. Ag an mbricfeasta dúirt sí le hÁine agus le Sinéad go raibh sí chun post a lorg an lá sin agus go mbeadh sí an-bhuíoch díobh as nótaí a ghlacadh ar a son sa rang Gaeilge.

Thosaigh sí sa bhruachbhaile in aice leis an ollscoil. Bhí fógra ag an stad bus ag lorg duine éigin le madraí a thabhairt amach ag siúl. Chuir Iryna glao ar an uimhir a bhí ar an bhfógra. D'fhreagair bean é. “Haló, bheadh suim agam madraí a thabhairt amach ag siúl mura bhfuil an post líonta agat cheana féin, ar ndóigh.”

“Dia is Muire duit. Níl an post líonta go fóill. An mbeidh tú in ann teacht tráthnóna, le cúrsaí oibre a phlé?”

“Beidh. Cén t-am is cén áit?” arsa Iryna.

“Cad faoi theacht chugam ar a leathuair tar éis a cúig. Pléifidh mé cúpla rud leat i dtosach báire, ansin baileoidimid na custaiméirí.” Ba bheag nár phléasc Iryna amach ag gáire. “Cén saghas duine a thabharfadh “custaiméir” ar mhadra! Déarfainn gur bean chraiceáilte í,” arsa Iryna léi féin.

Bhain sí an teach ceart amach. Bhí bean seachtó bliain d'aois ina seasamh ag geata an tí ag feitheamh uirthi. “Ó, níl a fhios agam faoi seo ar chor ar bith,” arsa an mbean nuair a chonaic sí Iryna ag siúl ina treo. “Tá cuma óg agus lag ortsa, b'fhéidir nach é seo an post is feiliúnaí duit.”

“Tá an-suim agam in ainmhithe agus in ainneoin na cuma atá orm, tá taithí agam ar obair chrua. Tá feirm ag fear m'aintín.”

“Ceart go leor mar sin,” arsa an bhean agus cuma mhíshásta uirthi go fóill. “Níor cheart duit breis is cúig mhadra a thabhairt amach ag siúl ag aon am amháin. Tá gá ag na madraí móra le breis is dhá uair an chloig siúlóide. Ciallaíonn sé sin, go mbeidh ort anois is arís, na madraí beaga a iompar abhaile. Gearraim deich Euro in aghaidh an mhadra. Coimeádam ceithre Euro agus faigheann tusa sé Euro. Caithfidh tú na madraí a thabhairt amach ag siúl gach uile lá nó ionadaí a fháil le d'áit a ghlacadh. Má theipeann ort an rial seo a chomhlíonadh, uair amháin, fiú, ní bheidh post ann duit an lá dár gcionn. An dtuigeann tú mé?”

“Tuigim,” arsa Iryna. Chuaigh siad go cúpla sráid éagsúla leis na madraí a bhailiú agus chaith Iryna an oíche ag siúl timpeall na páirce leo.

Buntuisicint:

1. Cén fáth a raibh tinneas cinn ar Iryna nuair a dhúisigh sí?
2. Cé na dathanna a bhí ar na héadaí a chuir Iryna uirthi féin an mhaidin sin?
3. Cén brabús a dhéanann an fostóir as gach madra?

Tuisicint liteartha:

1. Cén fáth a gceapann Iryna gur bean chraiceáilte í an fostóir?
2. Conas go bhfuil a fhios agat go gceapann an bhean nach bhfuil Iryna iomlán oiriúnach don phost?

(10 marc)